**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Ondřej Múka a chostais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach.

---

([1]) IO 2021 C 242.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Basaglia v an Coimisiún**

**(Cás T-257/21)** ([1])

***(Dliteanas neamhchonarthach – Rochtain ar dhoiciméid – Doiciméid a bhaineann le tionscadail um thaighde agus um fhorbairt theicneolaíoch – Cinneadh lena gcuirtear teorainn ar an iarratas ar rochtain agus lena ndiúltaítear do rochtain i bpáirt – An cinneadh sin a bheith curtha ar neamhní go páirteach ag an gCúirt Ghinearálta – Ciontuithe ag cúirteanna náisiúnta – Neamhdhleathacht an iompair a ndéantar gearán ina leith – Nasc cúisíoch)***

(2022/C 472/40)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Giorgio Basaglia (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: G. Balossi, G. Borriello agus F. Fimmanò, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, F. Moro agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go dtabharfaí cúiteamh dó as an damáiste airgeadais agus morálta agus an damáiste don chlú a líomhnaítear a d'fhulaing sé de bharr gur dhiúltaigh an Coimisiún go neamhdhleathach dá iarratais le haghaidh rochtain ar dhoiciméid agus de bharr mhainneachtain an Choimisiúin breithiúnas an 23 Meán Fómhair 2020, *Basaglia* v *an Coimisiún* (T-727/19, nár foilsíodh, EU:T:2020:446), a chomhlíonadh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Giorgio Basaglia na costais a íoc.

---

([1]) IO C 252, 28.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – MCO (IP) v EUIPO – C8 (C2 CYPRUS CASINOS)**

**(Cás T-460/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh C2 CYPRUS CASINOS – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe C8 – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Idirspleáchas fachtóirí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2022/C 472/41)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* MCO (IP) Holdings Ltd (Tortola, Oileáin Bhriotanacha na Maighean) (ionadaí: A. Roughton, Barrister)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Hamel agus D. Hanf, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* C8 (Issy-les-Moulineaux, an Fhrainc) (ionadaithe: M. Georges-Picot agus C. Cuny, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 26 Bealtaine 2021 (Cás R 908/2020-2) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 26 Bealtaine 2021 (Cás R 908/2020-2) a neamhniú a mhéid a bhaineann le seirbhísí nach bhfuil ach méid beag cosúlachta cinnte ina leith;

2. Déantar an chuid eile den chaingean a dhíbhe;

3. Ordaítear do MCO (IP) Holdings Ltd, EUIPO agus do C8 a gcostais féin a íoc.

(1) IO C 412, 11.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – MCO (IP) v EUIPO – C8 (C2)**

**(Cás T-461/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais C2 – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe C8 – Foras coibhneasta le diúltú – Dóchúlacht go mbeadh mearbhall ann – Gnéithe atá tuilleamaíoch le chéile – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2022/C 472/42)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* MCO (IP) Holdings Ltd (Tortola, Oileáin Bhriotanacha na Maighdean) (ionadaí: A. Roughton, abhcóide)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Hamel agus D. Hanf, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* C8 (Issy-les-Moulineaux, an Fhrainc) (ionadaithe: M. Georges-Picot agus C. Cuny, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Bealtaine 2021 (Cás R 909/2020-2) ar ceal.

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Bealtaine 2021 (Cás R 909/2020-2) ar ceal a mhéid a bhaineann sé le seirbhísí nár aimsíodh ach méid beag cosúlachta ina leith;